[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 75

Gan Bhriseadh

Le Jonathan Meres

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 76



[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 77

Nuair a tháinig Móraí Cholm agus Ruairí chucu faoi choinne a cuid tae, dúirt sí an rud a deireadh sí i gcónaí.

'Amharc ar an bheirt seo. Mar a bheadh dhá scadán ann. Chomh cosúil lena chéile agus atá siad.'

Rinne Colm gáire.

'Dá mbeadh punt agam ar son gach uile uair a dúirt tú sin, a Mhóraí!'

D'amharc Ruairí ar a dheartháir, é ag súil go leanfadh sé air. Ach ní dhearna sé sin.

'Bhuel?' arsa Ruairí.

'Bhuel cad é?' arsa Colm.

'Cá mhéad a bheadh agat mar sin? Dá mbeadh punt le fáil agat gach uile uair a dúirt Móraí sin?'

'Erm…fan go bhfeice mé.'

Chuir Colm gnúis air agus é ag díriú a intinne ar an cheist.

'£47,' ar seisean sa deireadh.

'Tá tusa aisteach,' arsa Ruairí agus é ag gáire leis.

'Cad é atá chomh haisteach faoi sin?' arsa Colm. 'A Mham, deir Ruairí go bhfuil mise aisteach!'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 78

'Anois, anois an bheirt agaibh,' arsa Mam. 'Nígí bhur lámha agus suas chun an tábla libh.'

Rinne Colm mar a iarradh air láithreach bonn. B'éigean insint do Ruairí trí huaire eile.

Bhí siad cosúil lena chéile ach éagsúil lena chéile, Colm agus Ruairí. Níorbh iontas ar bith iad a bheith mar a chéile i gcosúlacht. Cúpla a bhí iontu i ndiaidh an iomláin. Bheifeá ag súil go mbeadh siad cosúil lena chéile le hamharc orthu. Agus bhí siad, a bheag ná a mhór. Ar dtús, bhí gruaig fhionn agus súile gorma ar an bheirt acu. Bhí an bheirt acu ard scailliúnach. Bhí srón ar an bheirt acu a raibh tiontú beag ina bharr, mar a bheadh rampaí sciála beaga ann. Murar casadh ort roimhe iad, ní bheifeá ábalta an difear a aithint eatarthu. Ach níorbh ionann iad. Ní go hiomlán ar scor ar bith.

Bhí Mam agus Daid ábalta iad a aithint óna chéile. Bhí a gcairde ábalta iad a aithint fosta. Agus a gcuid múinteoirí, bhí siadsan ábalta fosta. Ach chaithfeadh fios a bheith agat cad é a bhí tú ag cuardach. Chaithfeadh fios a bheith agat gurbh é Colm an duine a raibh an ball dobhráin beag ar a smig aige agus gurbh é Ruairí an duine a raibh clárfhiacail aige le scealpóg bheag inti. Dá mbeadh sé sin ar eolas agat, bheifeá go breá. Mura mbeadh, chaithfeá tomhas a dhéanamh nó ceist a chur.

'Cé acu den bheirt tú féin, mar sin?'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 79

Dá mba Cholm é, thabharfadh sé an freagra ceart de ghnáth. Ní raibh oiread trioblóide ag baint leis sin. Chonacthas dó go raibh sé dea-bhéasach.

'Is mise Colm,' a déarfadh Colm.

Ach dá mba Ruairí a bhi ann, thabharfadh sé an freagra contráilte de ghnáth. D'aon turas. Bhí níos mó spóirt ag baint leis sin.

'Is mise Colm,' a déarfadh Ruairí agus bheadh sé ag cur cár gáire air féin go mailíseach.

An bhfeiceann tú, ar an ábhar go raibh siad cosúil lena chéile le hamharc orthu níorbh ionann sin is a rá go raibh siad mar a chéile. Sin an fáth a raibh siad cosúil lena chéile ach éagsúil lena chéile.

Ba é Colm an duine ba shuaimhní den bheirt. B'fhaití agus ba staidéaraí é ná a dheartháir. 'An Fear Ciúin' – an bharúil a bhí de, an duine ar dhóichí é a fheiceáil agus a shoc i leabhar, nó ag imirt cluiche ar ríomhaire. Ba é ba shine den chúpla fosta. Le deich nóiméad go díreach. Ach mar sin féin, ba é ba shine agus níor mhaith Ruairí sin dó riamh.

Bhíodh Ruairí i gcónaí ar a chois. I gcónaí ag déanamh rudaí éagsúla nó ag triail rudaí úra. I gcónaí ag imeacht ó bheith gafa ag rud amháin go dtí rud eile agus ó chaitheamh aimsire amháin go dtí ceann eile. Ní raibh Ruairí ábalta a intinn a dhíriú ar rud ar bith ar feadh nóiméid.

Nuair a bhí Móraí Cholm agus Ruairí ag ullmhú réidh le himeacht, rinne sí an rud a dhéanfadh sí i dtólamh. Thug sí punt an duine don dá gharmhac.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 80

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 81

‘Go raibh maith agat, a Mhóraí,’ arsa Colm.

Ach ní dúirt Ruairí a dhath. Bhí seisean ag smaoineamh cheana féin cad é a cheannódh sé ar an airgead.

‘A Ruairí?’ arsa Mam. ‘Cad é a deir tú?’

‘Cad é?’ arsa Ruairí. ‘Ó, is ea. Gabh mo leithscéal, go raibh maith agat, a Mhóraí.’

Bhí aoibh an gháire ar Mhóraí.

‘Ná caithigí é uile go léir ag an aon am amháin, a ghasúra,’ ar sise.

‘Ní chaithfidh ar ndóigh’ arsa Colm.

Ach ní dúirt Ruairí a dhath.

‘A Ruairí?’ arsa Mam. ‘Tá do Mhóraí ag caint leat.’

‘Gabh mo leithscéal, a Mhóraí, cad é a bhí tú a rá?’ arsa Ruairí.

‘Ná caithigí é uile go léir ag an aon am amháin,’ arsa Móraí.

‘Ceart go leor, a Mhóraí,’ arsa Ruairí agus cár gáire air.

D’amharc máthair an chúpla ar Ruairí. Bhí a fhios aici gur míorúilt amach is amach a bheadh ann mura gcaithfeadh sé é uile go léir ag an aon am amháin.

***

‘An bhfuil tú ag iarraidh dul amach ar na rothair, a Cholm?’ arsa Ruairí.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 82

Ní raibh sé cúig nóiméad féin ó d'imigh Móraí. Bhí Ruairí i ndiaidh éirí millteanach corrthónach ó shin.

'Tá, ceart go leor, mar sin,' arsa Colm.

'Ní bheimid i bhfad, a Mham, maith go leor?' arsa Ruairí, agus thug sé a aghaidh ar an doras.

'Slán agat, a Mham,' arsa Colm agus é sna sála aige.

'Cá bhfuilimid ag dul, a Ruairí?'

Ach níor thug Ruairí freagra air. Bhí sé imithe cheana féin.

'Slán libh, a ghasúra. Tugaigí aire daoibh féin,' arsa Mam. Bhí a fhios aicise go díreach cá raibh siad ag dul. Bhí siad chun an t-airgead a fuair siad a chaitheamh. Nó bhí Ruairí chun an t-airgead a tugadh dó a chaitheamh, ba chóir a rá. Bhí Colm ag dul ann ina chuideachta.

Mar a tharla, is ag Mam a bhí an ceart.

'Cad chuige ar stop muid?' arsa Colm tuairim ar dhá nóiméad níos moille.

Ní bhfuair siad ach chomh fada le ceann an bhóthair. Bhí Ruairi i ndiaidh teacht anuas dá rothar agus bhí sé ag baint taca as fuinneog an tsiopa nuachtán.

'Shíl mise gur ar thuras rothaíochta a bhí muid ag dul.'

'Caithfidh mé tú a cheartú,' arsa Ruairí, 'táimid i ndiaidh a bheith ar thuras rothaíochta. An bhfuil an punt sin agat?'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 83

'Cad é?'

'An punt sin a thug Móraí duit. An bhfuil sé agat go fóill?

'D'amharc Colm ar a dheartháir mar a bheadh sé i ndiaidh dul as a mheabhair go hiomlán.

'Nach cinnte go bhfuil sé agam go fóill!'

'Tabhair ar iasacht dom é mar sin,' arsa Ruairí.

'Cad chuige?' arsa Colm.

'Le greamaitheoirí peile a cheannach.'

'Níl dóigh ar bith a ndéanfaidh mise sin!' arsa Colm. 'Caith do chuid airgid féin!'

'Níl go leor agam.'

'Cén dóigh? Cá mhéad atá orthu?'

'35p an paicéad,' arsa Ruairí.

Rinne Colm cuntas gasta ina intinn.

'Tig leat dhá phaicéad a fháil mar sin,' ar seisean. 'Bheadh 70p ar dhá phaicéad agus bheadh 30p de bhriseadh agat.'

'Is ea, ach tá mé ag iarraidh níos mó ná sin, nach bhfuil?' arsa Ruairí. 'Dá dtabharfá do phunt féin ar iasacht dom, d'fhéadfainn … d'fhéadfainn …'

'Cúig phaicéad a cheannach,' arsa Colm. 'Chosnódh cúig phaicéad £1.75.'

'Sin agat é!' arsa Ruairí. 'Gheofá 25p mar bhriseadh!'

'Ní bhfaighinn,' arsa Colm.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 84

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 85

‘Cad é atá tú a rá nach bhfaighfeá? Gheofá cinnte!’ arsa Ruairí.

‘Ní bhfaighinn mar nach bhfuil mé ag dul á thabhairt ar iasacht duit sa chéad áit.’

D’amharc Ruairí air mar a bheadh duine éigin i ndiaidh insint dó go raibh deireadh ag dul a bheith leis an saol seo.

‘Cad é?’

‘Beidh mise á chur i dtaisce.’

‘Á chur i dtaisce? Ach cad chuige? Tá lód airgid agat cheana féin!’

‘Tá ar an ábhar go gcuirim i dtaisce é!’ arsa Colm.

‘Ach ní chaitheann tú cuid ar bith de in am ar bith! Cad é an mhaith duit airgead a bheith agat mura gcaitheann tú é.’

‘Tá mé ag dul á chaitheamh,’ arsa Colm. ‘Nuair a bheidh go leor agam.’

‘Go leor le cad é a cheannach?’ arsa Ruairí.

‘Clár scátála.’

‘Clár scátála?’ arsa Ruairí. ‘Mháú! Tá siad sin creathnach costasach!’

‘Tá a fhios agam go bhfuil,’ arsa Colm, agus é ag rolladh a chuid súl. ‘Sin an fáth a bhfuil mé ag cur an airgid i dtaisce.’

Bhí cuma ar Ruairí go raibh sé trína chéile ar fad. Níor thuig sé an cur i dtaisce seo ar chor ar bith. Ach ansin, sin difear suntasach eile a bhí idir é féin

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 86

agus a leathchúpla. Bhí an chuma ar Cholm go raibh airgead i gcónaí aige. Ní bhíodh pingin rua ag Ruairí in am ar bith. Bhuel, ní bhíodh ar feadh i bhfad ar scor ar bith.

Fuair siad beirt an méid céanna airgid. £2.50 sa tseachtain d'airgead póca agus punt nuair a thiocfadh Móraí. Chuirfeadh Colm a chuid airgid i dtaisce ach chaithfeadh Ruairí a chuid airgid chomh gasta agus a d'fhéadfadh sé. Ní raibh neart aige air. Bhí sé mar a bheadh an t-airgead ag dó poll ina phóca. Chaithfeadh sé é a chaitheamh sula rachadh a bhríste trí thine! Fiú dá gcaithfeadh sé é ar rud nach raibh sé a iarraidh i ndáiríre. Ní dheachaigh smaoineamh faoin airgead a chur i dtaisce isteach i gceann Ruairí riamh. Ní thiocfadh leis airgead a shábháil dá mbeadh a bheo ag brath air.

'Níl tú faoi choinne é a thabhairt dom, mar sin de?' arsa Ruairí.

'Níl,' arsa Colm.

Ach bhí rún daingean ag Ruairí. Chinn sé ar iarraidh amháin eile a thabhairt.

'Ceannóidh mé roinnt milseán duit ar an bhriseadh?'

Níor chreid Colm a raibh á chluinstin aige.

'Caithfidh mé tú a cheartú,' arsa seisean. 'Mo bhriseadhsa.'

Cad é leis a raibh a dheartháir cosúil, le fírinne? a smaoinigh Colm dó féin.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 87

***

'An dtig liomsa bróga úra spóirt a fháil, a Mham?' arsa Ruairí.

Bhí siad i ndiaidh teacht isteach ar an doras. Sa deireadh bhí Colm i ndiaidh aontú ar chúig pingine a thabhairt ar iasacht dá dheartháir sa dóigh is go raibh £1.05 aige ar fad – go leor le trí phaicéad greamaitheoirí peile a cheannach ar 35p an paicéad. Ba é an t-aon bhealach amháin é lena choinneáil ina thost. Cé nach raibh sé chomh lúcháireach agus a bheadh le cúig phaicéad! Ach mheas Colm go gcoinneodh sé sásta é go dtí an chéad uair eile a mbeadh sé ag iarraidh rud éigin a cheannach. Agus níorbh fhada gur tharla sé sin. De réir chaighdeán Ruairí go fiú.

'Bróga úra spóirt?' arsa Mam.

'Is ea. Tá dath an airgid orthu agus tá dhá stríoc ghorma síos an taobh orthu agus na hiallacha galánta buí seo leo! Tá siad feicthe agam sa chatalóg seo! Tá siad go díreach i gceart! Agus níl orthu ach seachtó punt nó mar sin.'

D'amharc Colm agus a Mham ar a chéile mar a bheadh a fhios acu cad é a bhí ar siúl. Ní raibh barúil ag Ruairí ar chor ar bith faoi chúrsaí airgid. Ní raibh ciall aige do luach airgid. £70 ar bhróga spóirt nó 35p ar ghreamaitheoirí peile. Bhí an t-iomlán mar an gcéanna ag Ruairí. Bhí an chuma ar an scéal i ndáiríre gur shíl sé gur ar na crainn a bhí an t-airgead ag fás!

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 88

'An ndúirt tusa nach raibh orthu ach seachtó punt?' arsa Mam.

'Dúirt, tá a fhios agam. Sladmhargadh, nach ea?'

'Mar sin de bheadh £140 ar bhróga spóirt! Go díreach mar sin!'

Lig Ruairí cnead. Bhí dearmad déanta aige go gcaithfeadh Colm bróga úra spóirt a bheith aige fosta.

'A Mham, níl sé d'fhiacha ort muid a ghléasadh mar a gcéanna *i gcónaí i gcónaí*, de thairbhe gur cúpla muid, tá a fhios agat,' arsa Ruairí.

'Déanann sé an saol i bhfad níos fusa,' arsa Mam

'Agatsa, b'fhéidir,' arsa Ruairí. 'Ní againne. Cuireann sé aiféala orainn. Nílimid trí bliana d'aois ná a dhath cosúil leis níos mó. Táimid chóir a bheith aon bhliain déag d'aois.'

'Ní miste liomsa,' arsa Colm. 'Is maith liomsa go mór muid a bheith ag gléasadh mar a gcéanna.'

'Druid do chlab, a Cholm' arsa Ruairí trí shiosarnach.

'Ar mhaith leatsa bróga úra spóirt, a Cholm?' arsa Mam.

D'amharc Ruairí ar a dheartháir mar a bheadh sé ag iarraidh go ndéarfadh sé gur mhaith leis. Deirtear go bhfuil roinnt cúplaí ann a bhí teileapaiteach agus a bhí ábalta intinn a chéile a léamh. Bhuel, anois an t-am le fáil amach an dtiocfadh le Colm intinn a dhearthár a léamh!

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 89

'Níor mhaith i ndáiríre,' arsa Colm. 'Tá na cinn atá agam go breá, go raibh maith agat, a Mham.'

Bhí fonn ar Ruairí mallacht a thabhairt. Níorbh ann do chúplaí teileapaiteacha ar chor ar bith!

'Sin agat an freagra, tá eagla orm, a Ruairí,' arsa Mam.

'Cad é? Ní thig liomsa iad a bheith agam mar sin?' arsa Ruairí. 'Agus tá sin amhlaidh ar an ábhar nár mhaith le Colm péire úr?'

'Tá brón orm, a thaisce, ach níl siad *de dhíobháil* ort. Níl ann ach go bhfuil tú á n-*iarraidh*,' arsa Mam.

Bhí aoibh an gháire ar Mham mar a bheadh trua aici dó. Ach ní raibh Ruairí ag tabhairt lá airde uirthi. Ní raibh an ceart ag a Mham. Bhí na bróga spóirt sin *de dhíobháil* air. Bhí siad de dhíobháil air mar nach raibh aon rud de dhíobháil air roimhe. Bhí sé tuirseach de dhaoine á dhiúltú. Cad chuige nach dtiocfadh leo taobhú leis ina áit sin? An raibh sé ag súil le barraíocht?

'Dá mbeadh siad *de dhíobháil* ort bheadh scéal eile ann,' arsa Mam.

Smaoinigh Ruairí air sin ar feadh nóiméid.

'An fíor sin?' ar seisean.

'Ar ndóigh!' arsa Mam agus í ag gáire. 'Ní fhéadfaimis tú a fheiceáil ag rith thart i mbróga spóirt a mbeadh poill iontu, an bhféadfadh?'

Hmm, a smaoinigh Ruairí leis féin. *Suimiúil. An-suimiúil.*

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 90

'Bhuel,' arsa Mam. 'An bhféadfadh?'

'Cad é?' arsa Ruairí. 'Ní fhéadfadh, a Mham. Ní dóigh liom go bhféadfadh.'

Thug Colm sracfhéachaint ar a dheartháir. D'aithin sé an t-amharc sin i súile Ruairí. Bhí a fhios aige go raibh rud éigin ar bun aige. Ach cad é go díreach?

***

'An bhfuil tú i do chodladh go fóill, a Cholm?' arsa Ruairí i gcogar.

'Níl, cad chuige?' arsa Colm ag tabhairt freagra air.

'A dhath ar bith. Níl ann ach go raibh mé ag machnamh.'

'Inseoidh mé duit nuair a bheidh, más mian leat.'

'Druid do bhéal.'

Bhí an cúpla ina luí ar a gcuid leapa. Ba é Colm an fear ba shine de dheich nóiméad, bhí seisean sa bhunc uachtarach. Bhí Ruairí in íochtar. Bhí sé giota maith i ndiaidh a deich a chlog. Bhí *Match of the Day* ag réabadh amach as an teilifís sa seomra tosaigh. Bhí sé chomh callánach sin go sílfeá go raibh tú ag an chluiche féin, ach amháin ar ndóigh nach raibh tráchtaire ag scréachach go histéireach i do chluasa gach dara soicind.

'Tá an liathróid ag Rooney! Tiontaíonn sé! Scaoileann sé! A haon-a náid!'

D'fhan Ruairí tamall fada. Bhí seisean lánmhúscailte. Ní mar gheall ar challán na teilifíse

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 91

ach mar gheall ar an phlean a bhí aige. Agus le go n-oibreodh an plean, chaithfeadh an dearthár a bheith ina chodladh.

Sa deireadh, thug Ruairí faoi deara nach raibh Colm ag bogadach thart sa bhunc níos mo. Bhí sé ag tarraingt a anála go trom anois. Bhí sé measartha cinnte go raibh sé ina chodladh. Bhí an t-am anois aige gníomh a dhéanamh.

D'éirigh sé amach as a leaba chomh ciúin agus a thiocfadh leis agus d'éalaigh sé síos an dorchla. Bhí a Mham le cluinstin aige ag slaparnach thart san fholcadán agus ag ceol di féin. Bhí a fhios ag Ruairí go raibh sí i ndiaidh a bheith istigh tamall fada. Chuaigh sé ar bharraicíní na gcos síos an staighre agus chuir a cheann thart ar dhoras an tseomra tosaigh. Cinnte dearfa, bhí a Dhaid faoi shuan agus ag srannadh leis os coinne na teilifíse. Dar le Ruairí go raibh gach rud ag dul go maith dó go dtí sin agus thug sé a aghaidh ar an phóirse.

Bhí na bróga ina suí i líne mar a bhíodh i gcónaí. Cuid Dhaid, Mhaime, Cholm agus Ruairí. Ach bhí rud éigin nach raibh mar ba cheart. Thug Ruairí sin faoi deara láithreach bonn. Ní raibh ansin ach péire amháin bróga spóirt. Bhí péire amháin ar iarraidh. Péire Cholm! Bhí a fhios ag Ruairí mar go raibh lorg 'R' ar a bhróga féin ar an taobh istigh mar a bhí ar na bróga eile agus ar na héadaí eile a bhí aige. Ba é sin an t-aon dóigh amháin a mbeadh a fhios cér leis cad é.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 92

Mar sin de, cá raibh siad? Cá raibh bróga spóirt Cholm? Na cinn a shíl Colm a bheith go breá? Nó ní bheadh siad go breá i ndiaidh do Ruairí a lámh a leagan orthu, bí cinnte de sin! Cad é a bhí ráite ag Mam? Ní fhéadfaimis tú a fheiceáil ag rith thart i mbróga spóirt a mbeadh poill iontu? Bhuel, faoin am a mbeadh Ruairí réidh leo bheadh ní ba mhó poll iontu na bróga iad féin. Ní bheadh an dara rogha ag a ainniseoirí de thuismitheoirí. Chaithfeadh siad péire úr a cheannach! Don bheirt acu!

Chuaigh Ruairí ar aghaidh isteach sa chistin. D'oscail sé tarraiceán agus tharraing sé amach siosúr mór.

Is ea, ba cheart go ndéanfadh siad seo an jab! a smaoinigh Ruairí.

Chuaigh sé ar bharraicíní na gcos ar ais suas staighre agus isteach ina sheomra leapa. B'fhéidir go raibh Colm i ndiaidh a bhróga spóirt a chur sa vardrús? D'oscail sé doras an vardrúis. Ní raibh siad ansin. *Ó, bhuel*, a smaoinigh Ruairí. B'*fhéidir go mbeadh siad faoin leaba*? Ach nuair a chuardaigh sé, ní raibh siad ansin ach oiread.

Tharla clic tobann agus Colm ag lasadh a sholas cois leapa.

'An á gcuardach seo a bheifeá, b'fhéidir, a Ruairí?'

'Áááááááááááááááááááááááááá!!!!' arsa Ruairí agus é ag scréachach.

D'amharc sé suas agus chonaic sé go raibh Colm i ndiaidh an chuilt a chaitheamh de. Bhí sé ag

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 93

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 94

caitheamh a chulaith oíche. Ach nuair a d'amharc sé níos géire bhí sé le feiceáil aige go raibh sé ag caitheamh a bhróga spóirt chomh maith lena chulaith oíche. Is léir go raibh sé ag fanacht le Ruairí teacht. B'fhéidir go raibh sé in ann intinn a dhearthár a léamh i ndiaidh an iomláin.

'B'fhearr duitse a bheith cúramach leis an siosúr sin,' arsa Colm. 'Thiocfadh leat damáiste mór a dhéanamh leis!'

Ach sula dtiocfadh le Ruairí aon rud a rá, buaileadh cnag ar an doras.

'An bhfuil sibh ceart go leor istigh ansin, a ghasúra?'

'Táimid go breá, a Mham,' arsa Colm.

'Níl ann ach go raibh tromluí ar Ruairí, nach bhfuil sin fíor a Ruairí?'

'Tá,' arsa Ruairí trína fhiacla, agus é ag tabhairt súil fhiata ar a dheartháir.

Seans go raibh an chraobh ag Colm an t-am seo. Ach bheadh lá eile ag an bPaorach! Agus lá eile ina dhiaidh sin dá mbeadh sé de dhíobháil! Bhí rud amháin cinnte. Ní raibh Ruairí ag dul a ligean d'aon rud teacht idir é agus na bróga úra spóirt.

***

Chonacthas dó gur smaoineamh iontach a bhí ann ag an am. Ag dathú ball dobhráin a dhearthár le peann bándearg agus é ina chodladh, ansin ag seasamh os comhair scáthán le peann donn le ball

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 95

dobhráin a thabhairt dó féin san áit cheannann chéanna. Ach anois agus a lámh ar mhurlán doras na cistine aige, go tobann níor mhothaigh Ruairí chomh cinnte sin. An gcuirfeadh sé dallamullóg ar a thuismitheoirí? *Ó, bhuel*, a smaoinigh sé. *Níl ach dóigh amháin le fáil amach.*

Bhí Daid ina sheasamh le taobh an doirtil, ag ullmhú réidh cupán caife dó féin nuair a shiúil Ruairí ag siúl isteach.

'Maidin mhaith, a mhic.'

'Gurb é duit, a Dhaid.'

A *mhic*, a smaoinigh Ruairí. A *mhic* a bhí ráite aige. Ach an raibh a fhios aige cé acu mac?

'An bhfuil do dheartháir ag teacht anuas?'

'Sílim go bhfuil, a Dhaid.'

Deartháir a smaoinigh Ruairí. *Deartháir* a bhí ráite aige. Ach *cé acu* deartháir?

Thiontaigh Daid thart agus d'amharc ar Ruairí. Thug Ruairí sracfhéachaint ghasta ar ais air. Bhí comhartha de chineál éigin de dhíth air. Ar shíl Daid gurbh é Colm a bhí ann nó nárbh é?

'Deir do Mham liom go raibh tromluí ar Ruairí aréir.'

'Is ea!!!' arsa Ruairí faoina anáil. Bhí sé i ndiaidh dallamullóg a chur ar a athair.

'Gabh mo leithscéal?' arsa Daid.

'Is ea, a Dhaid. Bhí,' arsa Ruairí, go gasta.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 96

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 97

Chaithfeadh sé é a dhéanamh anois. Bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé oibriú go tapa sula dtiocfadh duine ar bith eile isteach a chuirfeadh rudaí bun os cionn air.

'A Dhaid?'

'Cad é?'

'An dtig liomsa bróga úra spóirt a bheith agam, le do thoil?'

D'ól Daid braon caife.

'Ach shíl mé go raibh do chuidse go breá.'

'Cad é?' arsa Ruairí.

'Sin an rud a dúirt do Mhamaí liom a dúirt tú. Dúirt tú go raibh na cinn a bhí agat go breá.'

'Is ea, ach d'athraigh mé m'intinn,' arsa Ruairí. 'D'amharc mé arís orthu agus níl siad chomh breá agus a shíl mé ar chor ar bith. Tá péire úr de dhíobháil orm.'

'Feicim,' arsa Daid. 'Tá siad *de dhíobháil* ort, an bhfuil?'

'Cinnte dearfa,'

'Ceart go leor.'

'An dtig liom iad a bheith agam, a Dhaid?' arsa Ruairí. 'Le do thoil?'

'Hmmm,' arsa Daid.

'Hmmm,' arsa Daid.

Ach ag an nóiméad sin d'oscail an doras agus shiúil Mam isteach.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 98

'Tá Colm anseo i ndiaidh a intinn a athrú,' arsa Daid.

'An bhfuil?' arsa Mam.

'Tá, de réir cosúlachta, tá na bróga úra spóirt de dhíobháil air i ndiaidh an iomláin.'

'An bhfuil, anois?' arsa Mam. 'Tá sin suimiúil.'

Stán sí ar Ruairí.

'De réir mar a fheictear domsa, ní hé sin an t-aon rud amháin a d'athraigh.'

'Cad é atá tú a rá?' arsa Ruairí.

'Bhí an ball dobhráin sin ar an taobh eile de do smig,' arsa Mam. 'Bhíodh sé ar dheis. Anois tá sé ar clé.'

'Iontach,' arsa Daid.

Bhí an cluiche caillte agus bhí a fhios ag Ruairí go raibh.

Bhí aoibh an gháire ar Mham.

'Iarracht mhaith, a Ruairí. An chéad uair eile cuimhnigh go bhfuil gach rud droim ar ais sa scáthán, maith go leor?'

'Maith go leor, a Mham,' arsa Ruairí, cár gáire air agus a chlárfhiacail mhantach á nochtadh aige.

Osclaíodh an doras arís agus shiúil an fíor-Cholm é féin isteach, le marc bándearg follasach ar a smig san áit a mbíodh a bhall dobhráin. D'amharc Mam, Daid agus Ruairí air agus bhris siad amach a gháire.

Bhí cuma an mhearbhaill ar Cholm.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 99

‘Cé air a bhfuil sibhse ag amharc?’ ar seisean. ‘Cad chuige a bhfuil sibh ag gáire fúm?’

‘Tá rud éigin ar do smig,’ arsa Ruairí.

***

‘Seo tú, a Cholm,’ arsa Ruairí.

Bhí sé i ndiaidh am bricfeasta. Bhí an cúpla sa seomra leapa dá ngléasadh féin, i ndiaidh a bheith ar dtús sa seomra folctha le lorg an phinn a bhaint dá n-aghaidheanna.

‘Cad é seo?’ arsa Colm.

‘Na cúig pingine a bhí agat orm,’ arsa Ruairí. ‘Táimid glanchúiteach anois.’

‘Níl. Nílimid,’ arsa Colm.

‘An bhfuil tú ag maíomh nach bhfuilimid glanchúiteach anois? Is muid atá! Thug tusa cúig pingine ar iasacht dom agus anois tá mise dá dtabhairt ar ais duit!’

Is ea, sé pingine atá agam ort,’ arsa Colm.

‘Sé pingine?’ arsa Ruairí. ‘Cad é mar is féidir sin?’

‘Pingin úis,’

‘Cad é atá i gceist agat le *pingin úis*? Cad é air a bhfuil tú ag caint?’

‘Nuair a fhaigheann tú airgead ar iasacht ó bhanc agus nuair a aisíocann tú é, caithfidh tú giota sa bhreis a íoc,’ arsa Colm ag míniú an scéil. ‘Agus tugaimid *ús* ar an ghiota breise.’

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 100

'Ach níl sin cóir,' arsa Ruairí.

'Nach cinnte go bhfuil sé cóir,' arsa Colm. 'Ní thig leat go díreach é a fháil ar iasacht saor in aisce.'

Lig Ruairí osna. Bheadh sé chomh maith ag a deartháir a bheith ag caint i dteanga eile.

'Tá gné mhaith ag baint leis fosta,' arsa Colm.

'Tá?'

Ní raibh cuma chomh cinnte sin ar Ruairí.

'Is ea,' arsa Colm. 'Má shábhálann tú airgead i do chuntas bainc, íocann an banc ús leat!'

'I ndáiríre?' arsa Ruairí, agus gheal a aghaidh go tobann.

'Is fíor é cinnte,' arsa Colm. 'Agus is mó airgead atá agat i do chuntas, is é is mó ús a fhaigheann tú.'

Smaoinigh Ruairí air seo ar feadh nóiméid.

'De gheall ar Dhia! Ní raibh barúil agam faoi sin!'

Rinne Colm gáire.

'Tá sin amhlaidh mar nach mbíonn pingin i do chuntas bainc agat! Déan iarracht roinnt a shábháil in ionad é á chaitheamh i gcónaí.'

Ach níor thug Ruairí freagra air. Bhí sé i ndiaidh rud éigin a aithint.

'M'anam!,' ar seisean.

'Cad é atá cearr?' arsa Colm.

'An gciallaíonn sé sin go gcaithfidh mé ús a íoc le Daid mar sin?'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 101

'Ní thuigim,' arsa Colm. 'Cad chuige a gcaithfeá ús a íoc le Daid?'

Chuir Ruairí cár gáire air féin.

'Cá háit a bhfuair mé na cúig pingine, i do bharúil?' ar seisean.

D'amharc Colm ar a dheartháir.

'An bhfuil an scéal seo i gceart agam? Fuair tú airgead ar iasacht ó Dhaid sa dóigh is go bhféadfeá an t-airgead a aisíoc liomsa?'

Bhain Ruairí searradh as féin.

'Cá háit eile a d'fhéadfainn é á fháil?'

Buaileadh cnag ar an doras. Shiúil Mam agus Daid isteach. Ní raibh cuma róshásta orthu.

'Bhí Daid agus mé féin ag smaoineamh,' arsa Mam.

'An raibh?' arsa Ruairí, go neirbhíseach. 'Cad é air?'

'Na bróga spóirt sin atá tú a iarraidh,' arsa Mam. 'Gabhaim pardún agat. *Atá de dhíobháil ort.*'

'Is ea, bhuel, an rud atá ann…' arsa Ruairí ag tosú amach dó.

Ach bhris Mam ar a chaint agus níor lig sí dó críochnú.

'Má stopann tú de bheith ag caitheamh d'airgead póca uile go léir an nóiméad a fhaigheann tú é agus cuid de a shábháil ina ionad. Abair £20…'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 102

Rinne Mam moill ar mhaithe le héifeacht dhrámata.

'Tabharfaimid duit an chuid eile!'

Leath an gáire go cluasa ar Mham agus ar Dhaid.

'An gcluineann tú sin, a Ruairí?' arsa Daid. 'Ní thabharfaimid ar iasacht é. *Tabharfaimid* duit é!

'Ní cheannóimid péire cosúil leo do Cholm fiú,' arsa Mam. 'Tig leatsa a bheith éagsúil leis an t-am seo!'

'Cad é atá le rá agat, a mhic?' arsa Daid.

Ceist mhaith. Cad é ba chóir do Ruairí a rá?

'Tá sin an-chineálta, a Mham.'

'An bhfuil sin cóir go leor?' arsa Daid.

'An-chóir a Dhaid,' arsa Ruairí. 'Ach…'

'Ach cad é, a mhic?'

D'amharc Ruairí ar a thuismitheoirí ar feadh nóiméid.

'Le fírinne, níl mise ag iarraidh bróga spóirt a thuilleadh.'

'Cad é?' arsa Mam.

'Cad é?' arsa Daid.

'Tá athrú intinne agam,' arsa Ruairí. 'Tá mé ag iarraidh clár scátála anois ina n-áit!'

'Clár scátála?' arsa Mam.

D'amharc an cúpla ar a chéile agus chuir siad cár gáire orthu féin.

'Giolla na haithrise,' arsa Colm.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 103

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 104

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 105

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 106

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 107

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 108

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 109

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 110

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 111

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 112

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 113

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 114

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 115

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:24 Page 116